



Bí bródúil as do theanga

An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile

Samhradh 2021

1-12-2021

Bliain Eile Aisteach

Bliain eile aisteach beagnach thart anois, ach ní féidir liom a aithint más bliain fhada nó bliain ghearr a bhí ann. Is deacair imeacht na haimsire a mheas i gceart sna laethanta seo.

Bliain ó shin, bhí mé ag tnúth le ranganna 'i láthair' san athbhliain, rud nár tharla, ach anois tá seomraí curtha in áirithe againn agus beidh dhá rang 'i láthair' (bunrang & meánrang) ag tosú i mí Feabhra. Fanfaidh an ardrang ar líne mar ní bheidh an múinteoir féin in Melbourne an bhliain ar fad.

Más mian leat teacht chuig na ranganna gheobhaidh tú nasc ar an suíomh gréasáin chun clárú.

Beidh cóisir dheireadh na bliana ar siúl an



TG4 @ 25 (leathanach 4)

tseachtain seo chugainn agus tá súil agam go mbainfidh sibh sult as tar éis tréimhse fhada scartha óna chéile. Is dócha go mbeidh ciorcal comhrá ann san athbhliain freisin ach níl aon rud dearfa socruithe fós.

Bronnfar scoláireacht i gcuimhne Bhearnaí Uí Dhoibhlin ag ócáid Dé Domhnaigh 23 Eanáir 2022. Níl sé cinnte fós más ócáid ar líne a

mbeidh ann ach tá sé ar intinn againn cruinniú Zoom do lucht na Gaeilge san Astráil a réachtáil an lá céanna. Thar ceann an choiste, guím Nollaig faoi shéan is faoi shonas daoibh go léir agus Athbhliain faoi mhaise dhaoibh ina dhiaidh sin. Go dté sibh slán.

Seán Ó Séaghdha,
Rúnaí

San Eagrán Seo..

<i>From our committee</i>	1
<i>Leabhar nua</i>	2-3
<i>Fógraí</i>	3
<i>TG4 @ 25</i>	4
<i>A Learner's Guide to Irish</i>	5
<i>Agallamh le Don-na Wong</i>	6-7
<i>Ballraíocht</i>	7

Important dates for our students

14th Dec	End-of-year party in the Limerick Arms Hotel, Clarendon St.
31st Dec	All memberships expire, see notice on page 7
23rd Jan	(planned) Zoom meeting for all Irish language groups in Australia
1st Feb	Physical classes resume for beginners and intermediate students in the Kathleen Syme Library and Community Centre, Faraday St, Carlton

Please see our website www.gaeilge.org.au for further details

Check our website for the latest news about classes and Irish language events around Australia

Réamhfhógra ar leabhar nua

Gaeilge Ghriandóite: A go Z a hAon

Greg Byrnes, Robert Lindsey, Val Noone agus Colin Ryan

Dáta foilsithe sealadach:

An chéad lá de Mhí na Nollag 2021

Aidhm: Leabhrán lán-Ghaeilge, 100 leathanach A5, stíl sholéite, grianghraif shuimiúla, a chur ar fáil ina bhfuil cur síos ar stair na teanga san Astráil agus scéal na ndaoine, na gcumann agus an chultúir a bhain, agus a bhaineann, léi.

Teideal: Is éard is ciall le Gaeilge Ghriandóite ná an Ghaeilge mar a labhraítear agus a scríobhtar san Astráil í, agus í ag dul i ngleic le timpeallacht nua.

Leagan amach: Iontrálacha so-úsáidte ó A go Z ar mhná is fir, eagraíochtaí is nósanna, irisí is nuachtáin, raidió, scannáin is teilifís i dtaca le pictiúir agus téacsanna stairiúla. “Tarraingíonn scéal scéal” a deir an seanfhocal agus tiocfaidh eagrán a dó ar an saol nuair a bheas tuilleadh taighde deanta.

Cúlra: Le blianta beaga anuas tá roinnt scoláirí Astrálacha ag cur thuairisc na Gaeilge sa tír seo, inné is inniu, i lámhscríbhinní, i gcló, greanta ar leaca agus sna meáin chumarsáide go léir.

Orthu siúd tá údair *Gaeilge Ghriandóite: A go Z a hAon* – Greg Byrnes, Robert Lindsey, Val Noone agus Colin Ryan. Fuarthas aiseolas dearfach, moladh agus spreagadh ó léitheoirí, mar a tharla i gcás *Hidden Ireland in Victoria* Noone 2012, agus ó lucht éisteachta ag na Scoileanna Samhraidh agus Scoileanna Geimhridh, mar shampla.

Ag cruinniú in 2019 chuir siad tús le comhoibriú ní ba dhlúithe agus anois ba mhaith leis an fhoireann torthaí an mheithil seo a roinnt le lucht léite na Gaeilge i gcéin is i gcóngar. Féach an sampla ceangailte. (*leathanach 3*)

Spríoc lucht: Gach Astrálach atá ag fáil athsheilbhe ar an Ghaeilge agus dá bhrí sin Cumann Gaeilge na hAstráile, Scoil na Gaeilge Sydney, Scoileanna Samhraidh agus Scoileanna Geimhridh. Fós, Gaeil atá cónaí orthu san Astráil nach bhfuil páirteach sna comhlachais sin. Agus ar ndóigh lucht léite na Gaeilge in Éirinn agus ar fud an domhain.


Maoiniú: Oibríthe deonacha is ea na húdair. Tá siad ag brath ar dhíolacháin chun costais chlóbhuailte agus dáileacháin a ghlanadh. Fiche dollar (AUD\$20) an praghas miondíola molta. Tá ráta lascaine builc ar fáil.

Féach an sampla thall. (leathanach 3)

Foilsitheoir:

Mary Doyle & Val Noone,
PO Box 51, Fitzroy, Vic 3065

Fiosrúcháin chustaiméirí:
Val Noone <valnoone@inet.net.au>.



Bruen, Mary Anne Josephine, Molly O'Donnell (1864 An Nua-Shéalainn /Aotearoa-1911 Melbourne). Ceannaire suntasach sa phobal Gael-Astrálach in Victoria ba ea Molly O'Donnell. Rugadh í do Peter Bruen as Contae Ros Chomáin agus do Catherine Taylor as Contae na Gaillimhe, beirt a bhí ina gcónaí i Sráid Faraday in Carlton agus a raibh teach tábhairne acu ar feadh roinnt blianta i Sráid Swanston os comhair shean-ospidéal na Banríona Victoria. Sa Nua-Shéalainn a rugadh Molly agus í ar an gceathrú duine de dheichniúr clainne. Chaith a dtuismitheoirí tamall gearr ag dul san fhiontar in Munro's Gully in órcheantar Otago. D'éirigh thar barr le Molly ar scoil. Fuair sí oiliúint mar amhránaí agus d'fhoghlaim scileanna ceardaí, agus bhí tábhacht léi in athbheochan na Gaeilge san Astráil. Phós sí Nioclás Ó Domhnaill* in 1884, agus bhí naonúr clainne acu ar cailleadh cúigear acu ina leanaí. Ó thús 1911 bhí a fhios acu go raibh galar marfach ar Molly. Mar sin féin, bhí sí féin agus Nioclás ar a seacht ndícheall ag cur na dtoscairí Rialtais Dúchais Richard Hazelton, William Redmond agus J T Donovan ag siúl na tíre. Fuair Molly bás sa bhaile ar an 9 Nollaig 1911. Ní raibh ach aon bhliain déag ag an bpáiste ab óige, Manus. Bhí sí ar fheabhas ag ealaín agus ag ceardúlacht, agus sníomhadh sí manaí Gaeilge isteach ina cuid maisiúchán bhláthúil.

'Death of Mrs N M O'Donnell', Advocate, 16 Dec 1911, 29; Noone 2012, 78.



A.G.M. report

The 2021 AGM was held online via Zoom on Tues 21 September with thirteen Cumann members in attendance. The following five people were elected to form a committee for the coming year.

Seán Ó Séaghdha – Secretary

Roy Kennedy – Treasurer

and Dominic McCann, Angela McDonagh, Christine Shelley as ordinary members of committee.

There were no nominations for the position of President or VP so for now these remain unfilled.

Scholarships

Applications are invited for the Barney Devlin memorial scholarships valued at \$200, \$100 and \$50

For further details and an application form please see our website

Gaeilge.org.au

Closing date for applications is 14 January

TG4 @ 25

Sheol an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Catherine Martin leabhar nua TG4 @ 25 ag ócáid i mBaile Átha Cliath inniu. Is ceiliúradh ar an éacht atá bainte amach le ceathrú céid atá sa leabhar nua TG4 @ 25. Tá TG4 ag ceiliúradh cúig bliana is fiche ar an bhfód ó Oíche Shamhna. Ba é an tUachtarán Micheal D. Ó hUiginn a bhunaigh TG4 sa bhliain 1996 nuair a bhí sé ina Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta.

Pictiúir agus cuimhní cinn atá sa leabhar seo, a thugann aitheantas go príomha do lucht léirithe clár le cúig bliana is fiche; na léiritheoirí, láithreoirí agus scríbhneoirí a chruthaigh cláracha do TG4. Tá cuimhní cinn ó Cheannasaithe TG4 mar aon le réamh-mhír leis an Uachtarán Micheál D Ó hUiginn istigh ann. Tugtar léargas sa leabhar ar an méid is féidir a bhaint amach le dúthracht agus díograis ainneoin fíorbheagán acmhainní a bheith ar fáil. Is ábhar inspioráide atá sa leabhar agus TG4 ag tabhairt aghaidh ar an gcéad ceathrú céid eile.

Is é Micheál Ó Meallaigh, Iar-Stiúrthóir Coimisiúnaithe TG4, a scríobh an leabhar faoi stiúir Lís Ní Dhálaigh, Stiúrthóir Margaíochta agus Comhpháirtíochta TG4. Is é Ignacio Vieaga a dhear an leabhar agus is é an comhlacht foilsitheoireachta Cló Iar-Chonnacht, atá lonnaithe sa Spidéal i gConamara, a chuir an leabhar i gcló. €30 an praghas atá ar an leabhar agus is féidir é a fháil ar shuíomh Cló Iar-Chonnacht.

Dúirt an tAire Catherine Martin inniu ag seoladh an leabhair “*Cumasaíonn TG4 naisc chumhachtacha ar fud na réimsí atá faoi mo shainchúram i m’Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is mór agam an luach ollmhór a chuireann TG4 ar fáil chun tacú lenár n-oidhreacht teanga agus cultúir. Téann sé chun leasa phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge agus lucht féachana níos leithne na hÉireann. Bhí an-áthas orm a bheith in ann maoiniú bliantúil breise €4.2m a fháil i mbuiséad 2022, an méadú bliantúil aonair is mó riamh ar mhaoiniú TG4.*”



A Learner's Guide To Irish

Chances are that if you asked a group of students (or even teachers) to nominate the best Irish language textbooks the responses would not include Donna Wong's "A Learner's Guide To Irish" published by Cois Life in 2004. That's not because of any failings in the book, just that it has now been out of print for some years and has slipped into relative obscurity.

But all is not lost. You can find the book online in numerous places including Z-lib.org and you can even print off the pages for binding at home. There are no sound files or video clips but the text is written in a clear unambiguous style that many will enjoy reading.

Another option is to download it from the same site as a free ebook that can be read on your Kindle bookreader or Android tablet. If you are familiar with ebooks you'll be able to make use of the extra features this format provides but unfortunately the "read aloud" option using a synthesised voice only works best for novels and suchlike in English and it will mis-pronounce the Irish words.

So who exactly is Donna and why is this book highly regarded?

Donna's background and interest in Irish are covered extensively in the Interview she did with Éamonn Ó Dónaill and which was published in issue 45 of Beo, like Cois Life now defunct (*The interview itself is available in the Beo archive and is featured on the next 2 pages*)




Looking in detail at the book a couple of things become immediately obvious. Firstly, Donna is channelling many

of her own experiences as a learner which give her the ability to anticipate the sorts of questions a reader will ask and deal with them without derailing the narrative. Secondly, the book is pitched at adult learners outside* of Ireland, unlike many other similar texts which simply see the foreign market as an extension of the Irish domestic one.

Diving in, we find that the chapters are arranged by parts of speech so we have verbs, nouns and adjectives as well as prepositions and pronouns among others. Donna also devotes a section to interrogatives and a useful explanation for what she terms "lookalikes" where something can have two or more usages depending on the context eg a, an, ar, dá, go, gur, nach, ní. This is something many learners have trouble with and so full marks for tackling this head-on

Elsewhere, the discussion of Dependent and Independent clauses is itself a masterclass in simplifying something that can often be difficult for beginners to grasp.

Overall her book is a worthy addition to the subject of teaching Irish and deserves to be re-printed, perhaps with the inclusion of sound files.



* The publisher's blurb states ".....those who have had no exposure to the Irish language in the Irish educational system" Some might call this fortunate.

Agallamh le Donna Wong (Beo magazine, 2005)

Éamonn Ó Dónaill: Inis dom faoi do chúlra féin.

Donna Wong : Rugadh mé i San Francisco, California, agus tógadh mé ar an taobh eile den Bhá, i San Leandro. Is í an Chantainis teanga dhúchais m'athar, ach níl sí ar a toil ag mo mháthair agus, dá bhrí sin, labhair an bheirt acu Béarla liom agus mé ag éirí aníos. Aisteach go leor, is bean Shíneach-Mheiriceánach mé nach bhfuil an tSínis aici, ach a bhfuil an Ghaeilge aici.

ÉÓD: Cad é a spreag do shuim sa Ghaeilge agus cén chéad uair a bhí deis agat an teanga a fhoghlaim?

DW: I bhfómhar na bliana 1988, [bhíos](#) ag déanamh staidéir ar litríocht Shasana agus Mheiriceá in Ollscoil California, Berkeley, agus dheineas cúrsa dar teideal "Irish Literature Before 1800". Thug an tOllamh Breandán Ó hEithir (trócaire air) léachtaí ar stair na hÉireann agus ar an tseanlitríocht in aistriúchán. Bhí "Scéla Muicce Meic Da Thó", "Tochmarc Étaíne", "Togail Bruidne Da Derga" (agus scéalta mar iad) iontach, beoga, ealaíonta - níl a leithéid léite agam i Nua-Bhéarla, agus is dóigh liom nach bhfuil siad ann. Ba mhian liom iad a léamh go díreach mar a cumadh iad, agus nuair a thosaigh an Dochtúir Siobhán Keeffe a fhoghlaim na Nua-Ghaeilge in earrach na bliana 1989, dheineas mo chéad chúrsa i dteanga Cheilteach.

ÉÓD: An bhfuair tú deis freastal ar mhórán cúrsaí Gaeilge in Éirinn?

DW: Níor dheineas ach dhá chúrsa Gaeilge in Éirinn - i samhradh na bliana 1990 chaitheas cúpla seachtain i mBaile an Fheirtéaraigh, agus i samhradh 1993 chaitheas mí in Árás Mháirtín Uí Chadhain [An Cheathrú Rua, Conamara]. San Árás, d'oibríos le Mícheál Mac Con Iomaire agus Séamas Ó Cualáin, cainteoirí dúchais agus múinteoirí tréitheacha. Ar feadh na trí seachtaine a chaitheas in éineacht leo, dheineas dul chun cinn níos mó ó thaobh na Gaeilge de ná mar a dheineas ar feadh na gcúig bliana roimhe sin. Tá na nótaí a bhreacas síos ina ranganna ar na sealbha de mo chuid is ansa liom.

ÉÓD: Tar éis duit céim a bhaint amach sa Léann Ceilteach i Harvard, thosaigh tú féin a mhúineadh na Gaeilge. An raibh sé sin deacair?

DW: Bhí taithí agam ar mhúineadh ábhar eile, mar sin ní raibh sé ródheacair an Ghaeilge a mhúineadh. Is fíor gur bhaineas féin leas as - níorbh fhóláir dom eolas cruinn bheith agam ar an teanga chun í a mhúineadh.

ÉÓD: Cad iad na hacmhainní a d'úsáid tú sna ranganna Gaeilge?

DW: D'úsáideas Foclóir Uí Dhónaill, *New Irish Grammar*, agus graiméar na mBriathra i nGaeilge - b'in an méid. Scríobhas féin na cleachtaí agus na mínithe gramadaí.

ÉÓD: Cathain a thosaigh tú ag obair ar *A Learner's Guide to Irish*, Cad é a spreag tú le dul i mbun oibre ar an leabhar sin?

DW: Thosaíos ag scríobh *A Learner's Guide to Irish* nuair a thosaíos ag scríobh na Gaeilge, sa bhliain 1999, ach ag an am sin, ní raibh a fhios agam go rabhas ag scríobh leabhair. Bhí a fhios agam nach rabhas sásta leis na téacsleabhair a bhí ar fáil; ní raibh siad oiriúnach do Mheiriceanaigh nach raibh focal Gaeilge acu nó eolas acu ar an ngramadach. Tar éis dom dhá bhliain a chaitheamh ag múineadh na Gaeilge, d'fhéachas ar an gcarn mínithe a bhí scríte agam, agus shocraíos iad a chur isteach i leabhar.

ÉÓD: Cé air a bhfuil *A Learner's Guide to Irish dírithe*? Daoine acadúla? An gnáthphobal?

DW: Ar an ngnáthphobal - is dóigh liom go bhfuil dóthain leabhar ann do na daoine acadúla! agus go háirithe ar na foglaimeoirí nach bhfuil buneolas acu ar an nGaeilge nó ar an ngramadach. Tá gach rud mínithe agam chomh cuimsitheach is a d'fhéadfainn - na díochlaontaí, uimhreacha, an chopail, srl. Ach tá súil agam go mbainfidh múinteoirí Gaeilge úsáid as an leabhar freisin, de bhrí go bhfuil sé lán le samplaí agus le huirlisí tagartha.

ÉÓD: An bhfuil tú sásta leis an leabhar?

DW: Tá mé lánsásta leis. Ba mhian liom an leabhar a bheith fóinteach, sothuigte, agus cuíosach saor, agus tá - an bhuíochas ar na heagarthóirí ag Cois Life agus ar an chlóchuradóir.

ÉÓD: An raibh sé deacair leabhar a scríobh d'fhoilsitheoirí a bhí na mílte míle uait?



DW: Bhuel, tá cuid acu anseo i Meiriceá, agus thug na mic léinn i mo ranganna cúnamh mór dom. D'úsáid siad an lea bhar agus bhí sé á scríobh agus á athscríobh, agus dá bhrí sin, má tá aon rud dothuigthe nó ar iarraidh, orthusan atá an locht ós rud é nach dúirt siad liom go raibh fadhbhanna ann!

ÉÓD: Cad iad na deacrachtaí is mó a bhí agat féin agus tú ag foghlaim na Gaeilge?

DW: Ní rabhas agus nílim in ann labhairt le daoine as Gaeilge go minic a dhóthain - bíonn "Breac-Ghaeltacht" i mBerkeley gach Máirt, ach bíonn sé róheacair dom an turas a dhéanamh agus an méid sin oibre le Déanamh agam gach oíche den tseachtain.

Maidir leis an ngramadach, ba iad an chopail agus an saor bhriathar na rudaí ba dheacra dom a fhoghlaim. Níl a leithéid sa Bhéarla, cé go bhfuil siad le fáil i dteangacha eile, agus bhí orm smaoinemh orthu ar feadh na mblianta sular fhéad mé iad a thuiscint agus a úsáid go héasca.

ÉÓD: Cén chomhairle a chuirfeá ar fhoghlaim eile atá ag tabhairt faoi fhoghlaim na Gaeilge?

DW: Seo iad na trí rud is tábhachtaí, i mo thuairimse: Caith fiche nóiméad ag déanamh stáidéir ar an teanga chuile lá. Is cuma cé acu a scríobhann tú abairtí nó a léann tú i eathanach leabhair nó a éistean tú le téipeanna nó a labhraíonn tú le cara a bhfuil Gaeilge aici/aige. Ní féidir teanga ar bith a fhoghlaim gan gnáthchleachtadh.

Cuir seanfhocail de ghlanmheabhair. Is ceacht gearr gramadaí gach ceann díobh, agus tá sé i bhfad níos éasca cuimhneamh orthu ná rialacha as leabhar. Féach, mar shampla, ar an gcéad cheann a d'fhoghlaim mé riamh (a bhuíochas ar Shéamas Ó Cualáin):

Dá fhad a théann an sionnach, beirtear air sa deireadh". Má tá an méid sin de glanmheabhair agat, tá a fhios agat

go seimhítear túsachsan focail i ndiaidh "dá" [however] agus an forainm coibhneasta díreach "a"; nach seimhítear "d" i ndiaidh "sa"; gurb é -ar/-ear deireadh an Tsaorbhriathair san aimsir láithreach, agus rudaí mar sin.

Ná bí dian ort féin más deacair duit riail a thuiscint nó cuimhneamh ar fhocal. Ní teanga shimplí í an Ghaeilge agus bíonn gach tosach lag. Ach tiocfaidh feabhas ort agus, de réir mar a thiocfaidh, bainfidh tú tuilleadh taitnimh as bheith ag úsáid do chuid eolais. Blianta ó shin, bhaineas féin in sult mór as breathnú ar chlúdaigh na suíochán ar eitleáin Aer Lingus, de bharr gurbh fhéidir liom na línte filíochta aléamh sa deireadh!

Reminder

Have you renewed your annual Cumann membership yet for 2022 ?

All memberships expire on 31 December and renewals are processed in Jan / Feb

It's only \$45 for the year and you can pay by cash, cheque, paypal or bank transfer. Speak to any committee member if you can't remember whether you have paid yet.

From our committee.....

Another strange year is nearly over, but I can't tell if it's been a long one or a short one. The passage of time is hard to measure these days. A year ago I was looking forward to 'physical' classes in the new year, which never happened, but now we have rooms booked and there will be two 'physical' classes (beginners & intermediate) starting in February.

The advanced class will stay online as the teacher won't be in Melbourne for the whole year.

If you'd like to come to the classes, you'll find a link on the website to register.

The end of year party will be on next week and I hope you enjoy it after a long while apart. There will probably be a conversation circle in the new year too, but there's nothing certain arranged yet.

The Barney Devlin Memorial Scholarship will be awarded at an event on Sunday 23 January 2022. It's not certain yet if this will be an online event, but we intend to run a Zoom meeting for Australian Irish groups on the same day.

On behalf of the committee, I wish you all a merry Christmas and a great New Year. Stay safe.

Seán Ó Séaghdha, Secretary

*Cumann Gaeilge na hAstráile Teo**IRISH LANGUAGE ASSOCIATION OF AUSTRALIA INC.*

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a not-for-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. The Cumann is non-political and non-sectarian. Its aim is to promote the Irish language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Celtic language groups.

Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment.

Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., P.O. Box 594 North Melbourne VIC, 3051

**This form can be used for membership renewal or to notify a change of details.
New members should use the form available on our website www.gaeilge.org.au**

Renewal Update

Sloinne
(surname)

Guthán bh)
(phone)

Céad ainm
(first name)

ah)

Seoladh
(address)

Fón
(mobile)

.....

Ríomhphost
(email)

Membership fee is \$45 per annum and due each January. Class donation is \$5 per week.